# *Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus an Ghaeilge*

### *Oifigeach na Gaeilge agus Coiste na Gaeilge*

Tá Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath tiomanta do chur chun cinn na Gaeilge i ngach réimse de shaol na hOllscoile. Léirítear an tiomantas seo trí obair Choiste na Gaeilge, fochoiste de Bhord na hOllscoile, agus trí fhostú Oifigeach Gaeilge lánaimseartha. Oibríonn an tOifigeach Gaeilge i gcomhar leis an gCumann Gaelach, le hAontas na Mac Léinn agus le Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha chun a cuid aidhmeanna a chur i gcrích.

### *Acht na dTeangacha Oifigiúla agus na Scéimeanna Teanga*

Leagann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021 (Leasú) dualgais ar leith ar an Ollscoil lena n-áirítear dualgais maidir le comharthaíocht, stáiseanóireacht, foilseacháin áirithe, fógraí taifeadta béil, earcaíocht, fógraíocht srl. Ina theannta sin, tá gealltanais tugtha ag an Ollscoil sna Scéimeanna Teanga atá foilsithe go dtí seo go gcuirfear lena réimse seirbhísí dátheangacha trí ghníomhaíochtaí éagsúla.

### *Scéimeanna Cónaithe*

Tá dhá scéim cónaithe Gaeilge san Ollscoil ina gcuirtear cóiríocht ar fáil do mhic léinn. Tá scéim amháin lonnaithe ar an gcampas agus an ceann eile (do mhic léinn na chéad bhliana agus na dara bliana amháin) i Halla na Tríonóide, Dartraí, Baile Átha Cliath 6. Cuireann baill na scéimeanna cónaithe an Ghaeilge chun cinn san Ollscoil trí fheachtais agus trí imeachtaí éagsúla a reáchtáil i rith na bliana.

### *Ranganna Gaeilge*

Cuireann Coláiste na Tríonóide ranganna Gaeilge saor in aisce ar fáil do bhaill foirne agus do mhic léinn araon le linn na bliana acadúla. Fógraítear na ranganna seo ag tús na dtearmaí acadúla. Tacaítear chomh maith le baill foirne agus le mic léinn tabhairt faoi scrúduithe TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge).

### *Éigse na Tríonóide agus Imeachtaí Gaeilge*

Buaicphointe na bliana is ea Éigse na Tríonóide, féile seachtaine ina gcuirtear ócáidí cultúrtha agus sóisialta ar siúl do phobal na hOllscoile agus na cathrach lena n-áirítear imeachtaí ceoil agus filíochta, díospóireachtaí, ceardlanna, agallaimh le haoichainteoirí, srl. Eagraítear feachtais agus imeachtaí Gaelacha eile i gcaitheamh na bliana chomh maith.

### *Seomra na Gaeilge*

Is spás ar leith i gcroílár an champais é Seomra na Gaeilge do phobal na hollscoile chun an teanga a labhairt agus a chleachtadh ó lá go lá. Bíonn sé ar oscailt ó Luan go hAoine i rith na dtéarmaí teagaisc. Reáchtáiltear cruinnithe agus imeachtaí trí Ghaeilge nó go dátheangach ann.

### *Teagmháil*

Oifigeach na Gaeilge: (01) 8963652, gaeloifig@tcd.ie

Eolas: www.tcd.ie/gaeloifig

Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha: (01) 8961450, nibhraoc@tcd.ie

An Cumann Gaelach: reachtaire@cumann.ie agus www.cumann.ie

Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn: gaeilge@tcdsu.org